AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Rannach na Gaillimhe 2023

**“Keeping People Safe”**

“Ag Coinneáil Daoine Sábháilte”

# Réamhrá an Oifigigh Roinne

I bPlean Póilíneachta Rannach na Gaillimhe 2023 leagtar amach na tosaíochtaí póilíneachta don bhliain reatha a sainaithníodh i ndiaidh comhairliúcháin lenár bpobail, páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Chomh maith leis sin, bhí sé bunaithe ar Mhisean agus Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2022-2024; treoracha aireachta; acmhainní; obair na gComhchoistí Póilíneachta; anailís ar shonraí coireachta agus taighde ar dhea-chleachtas i bpleanáil straitéiseach ag leibhéal idirnáisiúnta.

Éilíonn seirbhís phóilíneachta éifeachtach muinín agus tacaíocht na bpobal áitiúil. D'fhonn cur leis an muinín agus tacaíocht seo agus iad a chothabháil, tá An Garda Síochána i Roinn na Gaillimhe tiomanta do bheith ag obair i gcomhpháirt leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, comhpháirtithe póilíneachta & slándála agus gach páirtí leasmhar eile. Feabhsófar sábháilteacht an phobail trí straitéisí atá bunaithe ar eolas a chur i bhfeidhm ar mhaithe le coireacht a chosc agus a bhrath. Leagfar béim ar chloí leis na caighdeáin agus gealltanais atá sonraithe i gCód Eitice an Gharda Síochána.

Anuraidh, rinneadh ceiliúradh ar 100 Bliain ó bunaíodh An Garda Síochána. Tá ár n-aird á tarraingt ar na luachanna a bhí mar bhonn le bunú na heagraíochta: Seirbhís, Ionracas, Cuntasacht, Meas, Gairmiúlacht agus Comhbhá. Tá béim fós á leagan againn ar na luachanna seo agus aghaidh á tabhairt againn ar ár 101ú bliain i mbun póilíneachta.

Tá baill foirne tiomanta i Roinn na Gaillimhe i mbun na bhfeidhmeanna seo a leanas a chur i gcrích gach lá - pobail a chosaint, coiriúlacht a chosc, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus slándáil náisiúnta a chinntiú. Tá mé dóchasach go n-éireoidh le An Garda Síochána i Roinn na Gaillimhe déileáil leis an athrú tapa agus leis na dúshláin a bhaineann le cúrsaí póilíneachta sa lá atá inniu ann, agus ag tacú leis seo ar fad beidh teicneolaíocht agus bonneagar nua a bheidh in úsáid in 2023.

Leagtar amach sa Phlean Póilíneachta seo na gníomhaíochtaí a mbainfear tairbhe astu d'fhonn a chinntiú go leantar ar aghaidh leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail i Roinn na Gaillimhe a fheabhsú in 2023, agus ar an tslí sin, muinín an phobail as An Garda Síochána a mhéadú. Tá An Garda Síochána tiomanta dá oibleagáidí dualgais dearfaigh seirbhíse poiblí faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a ndíreofar orthu in 2023 trí thionscnaimh a bhaineann lenár straitéis um éagsúlacht agus chuimsiú, beartas maidir le coireacht fuatha agus acmhainn chearta an duine a fhorbairt.

**Gearóid de Róiste, Ard-Cheannfort**

## Sonraí teagmhála do Roinne – Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt/Príomhoifigeach Cúnta | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **An Ceannfort Damien Flanagan,**<br><br>**Réimse Feidhme Rannpháirtíocht sa Phobal Chathair na Gaillimhe** | Oifig an Cheannfoirt, Stáisiún an Gharda Síochána na Gaillimhe, Sráid an Mhuilinn, Gaillimh | Luan – Aoine 09:00am – 17:00pm | 091-538007 |
| **An Ceannfort Aidan Foley,**<br><br>**Réimse Feidhme Rannpháirtíocht sa Phobal Oirthear Chontae na Gaillimhe** | Oifig an Cheannfoirt, Stáisiún an Gharda Síochána Bhéal Átha na Sluaighe, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | Luan – Aoine 09:00am – 17:00pm | 090-9631897 |
| **An Ceannfort Patrick O'Shea,**<br><br>**Réimse Feidhme Rannpháirtíocht sa Phobal Iarthar Chontae na Gaillimhe** | Oifig an Cheannfoirt, Stáisiún an Gharda Síochána Órán Mór, Órán Mór, Co. na Gaillimhe | Luan – Aoine 09:00am – 17:00pm | 091-483141 |
| **An Ceannfort Seán Glynn**<br><br>**Réimse Feidhme Dearbhaithe Cáilíochta** | Dearbhú Cáilíochta, Urlár 2 NWRHQ, Muirbheach, Gaillimh | Luan - Aoine 09:00am – 17:00pm | 091 336935 |
| **An Bleachtaire Ceannfoirt Shane Cummins**<br><br>**Réimse Feidhme - Coireacht** | An Mol Coireachta, Urlár 1 NWRHQ, Muirbheach, Gaillimh | Luan - Aoine 09:00am – 17:00pm | 091-337223 |
| **Príomhoifigeach Cúnta Maura Burke**<br><br>**Réimse Feidhme - Seirbhísí Gnó** | Seirbhísí Gnó, Urlár 2 NWRHQ, Muirbheach, Gaillimh | Luan - Aoine 09:00am – 17:00pm | 091-337212 |
| Tá eolas maidir le **hOifigigh éagsúlachta** na Roinne le fáil thíos ar Leathanach 17 nó anseo ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána | | | |
| Oifigeach **Coiscthe Coireachta** don Roinn | An Sáirsint Michael Walsh CPO, Urlár 3 NWRHQ, Muirbheach, Gaillimh | Luan - Aoine 09:00am – 17:00pm | 091-337161 |
| Cigire um **Imeaglú bainteach le drugaí** don Roinn. | An Bleachtaire Cigire Brendan Carroll, An Mol Coireachta, Urlár 1, NWRHQ, Muirbheach, Gaillimh | Luan - Aoine 09:00am – 17:00pm | 091-337122 |

# 1. Pobal

Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcomhpháirt chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirt, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le hábhair atá ag déanamh imní don phobal | Oibreoimid chun coireacht agus an imní a bhaineann le coireacht a laghdú, i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear an earnáil tráchtála, pobail agus gníomhaireachtaí reachtúla. Cuirfimid comhairle agus treoirlínte éifeachtacha maidir le cosc ar choireacht ar fáil trí na cainéil chumarsáide is oiriúnaí, ar mhaithe le feasacht a fheabhsú agus oideachas a chur ar phobail agus ar an earnáil tráchtála maidir le prionsabail coiscthe coireachta, agus tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh choireachta. Soláthróimid athdhearbhú agus tacaíocht dár bpobail trí chosc, brath agus ionchúiseamh comhsheasmhach iompair choiriúil. Oibreoimid lenár bpobail chun daoine a choinneáil sábháilte trí scéimeanna comhoibríocha agus rannpháirtíocht ghníomhach. Trí rannpháirtíocht rialta le scéimeanna foláirimh téacs/pobail, oibreoidh Gardaí le pobail chun sábháilteacht a fheabhsú agus tacú le cumarsáid oscailte. Tabharfar tús áite do dhéileáil le hiompar frithshóisialta agus ord poiblí agus leanfaimid ar aghaidh le dlús a chur le tionscnaimh i dteannta le comhpháirtithe pobail d'fhonn a chinntiú go ndírítear ar ábhair atá ag déanamh imní don phobal. Leagfar béim ar a chinntiú go gcloítear le cearta reachtúla Phobail na Gaeltachta trí Straitéis na Gaeilge 2022-2025 a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as craoltóireacht ar na meáin Ghaeilge agus tacú leis an tionscnamh 'Fáinne Gaeilge' chun úsáid na Gaeilge ar fud na Roinne a spreagadh. |
| 1.2 Seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thugann aitheantas do na daoine éagsúla a bhfuilimid ag freastal orthu | Tá An Garda Síochána i Roinn na Gaillimhe tiomanta d'oibriú ar bhealach réamhghníomhach agus measúil le gach ball den tsochaí, agus go háirithe, daoine ó ghrúpaí mionlaigh agus cúlraí éagsúla. Táimid tiomanta do sheirbhís phóilíneachta atá freagrúil, comhionann agus inrochtana a chur ar fáil do gach duine, go háirithe na daoine sin atá imeallaithe sa tsochaí. Tá ceann de na pobail is éagsúla in Éirinn i nGaillimh. Leanfaidh pearsanra an Gharda Síochána le caidreamh a fhorbairt le grúpaí mionlaigh agus leochaileacha, le cluas éisteachta a thabhairt dóibh agus le díriú ar a riachtanais phóilíneachta. Is é an aidhm atá againn caidreamh atá bunaithe ar iontaoibh agus muinín a bhunú, a bhfuil oiliúint feasachta éagsúlachta ag tacú leis, mar aon le rannpháirtíocht rialta ó Oifigigh Éagsúlachta an |

| | |
|---|---|
| | Gharda Síochána agus úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus chraolta. |
| 1.3 Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an díobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail | Straitéis Náisiúnta Drugaí & Alcóil 2017 – 2025 – 'Díobháil a Laghdú, Tacaíocht don Athshlánú' a chur i bhfeidhm. Chun tacú le díobháil i bpobail mar gheall ar mhí-úsáid drugaí agus alcóil a laghdú, oibreoidh Roinn na Gaillimhe le grúpaí pobail agus tacóidh sí le feasacht ar thacaíochtaí atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil fadhbanna andúile acu. Gníomhóidh aonaid speisialta chun daoine atá ag déileáil le himeaglú ó mhangairí drugaí aitheanta a chosaint agus daoine atá ag tacú le líonraí gáinneála ar dhrugaí inár bpobail a ionchúiseamh. |

## 1. Gnáthobair leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Scéimeanna 'Pobal ar Aire' agus 'Foláireamh Téacs' | |
| Rannpháirtíocht le Grúpaí Faire Comharsanachta agus Faire Campais | |
| Tionscnaimh a bhaineann leis an nGaeilge | |
| Rannpháirtíocht an Chomhchoiste Póilíneachta ag Díriú ar Iompar Frithshóisialta | |
| Struchtúir Rannpháirtíochta sa Phobal Nua Ailínithe le Grúpaí Pobail | |
| Comhoibriú le Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta | |
| Níos mó patról coise | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Tacú le Grúpaí Éagsúlachta Áitiúla | |
| Cláir Idirbhliana | |
| Rannpháirtíocht le Grúpaí Pobail agus Grúpaí Óige atá Maoinithe ag an Stát. | |
| Gradaim d'Éachtaí Óige na Roinne | |
| Cur i bhfeidhm An Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcóil | |
| Cur Isteach ar Líonraí Gáinneála ar Dhrugaí, iad a Bhriseadh Suas agus a Ionchúiseamh | |
| Leanúint ar aghaidh leis an gClár Tuairiscithe maidir le hImeaglú Bainteach le Drugaí | |

# 2. Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun dul i ngleic le coireacht ardmhinicíochta ionas gur féidir déileáil le treochtaí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair agus treochtaí a bheidh le tabhairt faoi deara amach anseo | Tacaíonn an straitéis seo lenár gcuspóirí eagraíochtúla daoine a chosaint ó choireacht agus úsáid a bhaint as ár sonraí feabhsaithe chun póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú, agus tá sé beartaithe againn cur lenár n-oibríochtaí póilíneachta spriocdhírithe atá bunaithe ar fhaisnéis agus leis an líon atreoruithe de dhaoine iomchuí faoi bheartas Fhaisnéis Dhaonna faoi Cheilt an Gharda Síochána (CHIS). |
| 2.2 Leanúint ar aghaidh lenár n-acmhainn déileáil le calaois agus le coireanna cibearchumasaithe a fheabhsú | Oideachas agus Feasacht sa réimse Calaoise agus Cibearchoireachta, go hinmheánach agus go seachtrach. Feasacht agus oideachas pobal agus na hearnála tráchtála i ndáil leis na prionsabail choiscthe coireachta, agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh choireachta. |
| 2.3 Cur isteach, ar bhealach réamhghníomhach, ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Oibríochtaí fócais & spriocdhírithe réamhghníomhacha ar choirpigh atitimeacha agus grúpaí coireachta eagraithe nua (OCGanna). Tá An Garda Síochána i nGaillimh tiomanta do gach cineál coireachta a chosc, a bhrath agus a laghdú. Díreoimid ar fhís sheirbhís phóilíneachta atá dírithe ar an íospartach, fís a bhfuil sé mar aidhm léi daoine a choinneáil sábháilte, na daoine is leochailí a chosaint agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar go seasta. |

## 2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Patróil agus forfheidhmiú déanta sa Roinn | | Tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo Coireacht a Chosc | |
| Póilíneacht a fheabhsú. | | Díriú ar láithreacha ina dtarlaíonn iompar frithshóisialta | |
| Póilíneacht dea-chleachtais. | | Gan cead a thabhairt do choirpigh na bóithre a úsáid | |
| An fhianaise is fearr a bhailiú | | Imscrúduithe feabhsaithe le tacaíocht ó acmhainní speisialaithe | |
| Cur i bhfeidhm An Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcóil | | An Comhchoiste Póilíneachta ag Díriú ar Iompar Frithshóisialta | |
| Cur Isteach ar Líonraí Gáinneála ar Dhrugaí, iad a Bhriseadh Suas agus a Ionchúiseamh | | Leanúint ar aghaidh leis an gClár Tuairiscithe maidir le hImeaglú Bainteach le Drugaí | |

## 3. Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach atá ag idirghníomhú le An Garda Síochána an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí agus go leagtar béim ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | Cur chuige atá dírithe ar an íospartach maidir le himscrúduithe. Ardleibhéil teagmhála a dhéanamh le híospartaigh choireachta agus athghlaonna gan mhoill ar íospartaigh drochíde sa teaghlach. |
| 3.2 Córas de thomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coire a leabú, sa bhreis ar ghnáth-thuairisciú staitistiúil coireachta | Cur le feasacht daoine ar an tábhacht a bhaineann le cruinneas na sonraí taifeadta agus cáilíocht sonraí. Cruinneas sonraí staitistiúla a fheabhsú. |
| 3.3 Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Níos mó cásanna de thiomáint faoi thionchar drugaí & mar thoradh ar Oibríocht na Tarrthála a bhrath. An líon básanna ar bhóithre a laghdú agus a chinntiú go bhfuil na bóithre níos sábháilte trí reachtaíocht maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr. |
| 3.4 A chinntiú go gcuirtear tacaíochtaí ar fáil d'íospartaigh agus do dhaoine leochaileacha atá ag idirghníomhú le An Garda Síochána, ag cur moltaí neamhspleácha, aiseolas inmheánach agus seachtrach san áireamh | Níos mó rannpháirtíochta le hÍospartaigh agus le Daoine Leochaileacha ar mhaithe lena sábháilteacht agus cosaint a chinntiú. |

## 3. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Líon Teagmhálacha leis an Íospartach | |
| Tacú le hÍospartaigh Leochaileacha | |
| Litreacha Íospartaigh Curtha ar Fáil | |
| Gardaí i Láthair go Pearsanta | |
| Póilíneacht Dea-chleachtais | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Acmhainní agus Seirbhísí Tacaíochta Speisialaithe a Úsáid | |
| Póilíniú Bóithre Réamhghníomhach | |
| Imscrúduithe Feabhsuithe le haghaidh Daoine ar Iarraidh | |
| Seicphointí Ilghníomhaireachta | |
| Imscrúduithe Feabhsaithe le Tacaíocht ó Acmhainní Speisialaithe | |

# 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur chun feidhme leanúnach Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála atá mar bhonn le slándáil agus acmhainn faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha. Tacóidh na torthaí seo lenár ráiteas straitéise, ina ndéantar cur síos ar ár bhfís - daoine a choinneáil sábháilte, na daoine is leochailí a chosaint agus ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar go seasta maidir le Slándáil Stáit. |
| 4.2 Ullmhacht do mhóréigeandálaí a chinntiú trí oiliúint, forbairt feasachta leanúnach in An Garda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Cumas freagartha éifeachtach a chinntiú i gcás móréigeandála. Níos mó acmhainní ag an Roinn chun freagairt do chásanna móréigeandála. |
| 4.3 Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu | Níos mó rannpháirtíochta agus feasachta inmheánaí trí Atreoruithe CHIS a úsáid, Faisnéis PULSE agus acmhainní Cibearchoireachta chun sábháilteacht agus cosaint ó sceimhlitheoireacht a fheabhsú |

## 4. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Póilíniú Bóithre Réamhghníomhach | | An Fhianaise is Fearr a Bhailiú | |
| Imscrúduithe Feabhsaithe le Tacaíocht ó Acmhainní Speisialaithe | | Acmhainní agus Seirbhísí Tacaíochta Speisialaithe a Úsáid | |
| Comhoibriú le Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta | | Póilíneacht Dea-chleachtais | |

# 5. Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe

Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 Acmhainn agus Cumas Athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú tríd an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur chun feidhme. | Baineann an pearsanra sa Roinn tairbhe as athrú mar thoradh ar chumarsáid éifeachtach agus oiliúint le haghaidh tionscnamh nua. Feidhmíocht feabhsaithe trí chleachtais chaighdeánaithe nua-chóirithe agus ghairmiúla. |
| 5.2 Forbairt a dhéanamh ag féachaint do thodhchaí an Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, bunaithe ar fhís an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | Acmhainn agus cumas athraithe san eagraíocht trí chéile a fheabhsú, tacú le cultúr de nuálaíocht. A bheith ar thús cadhnaíochta chomh fada is a bhaineann le déileáil le cineálacha coireachta nua trí na modhanna póilíneachta is déanaí a oiriúnú agus a shaincheapadh. Cur chuige maidir le hathrú agus nuálaíocht atá bunaithe ar thorthaí a leabú, agus cur leis na buntáistí a bhaineann leis an gclaochlú atá déanta. Tairbhe a bhaint as cur chuige digiteach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i ndáil leis an obair a dhéanaimid. |
| 5.3 Cur leis na cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe in An Garda Síochána cheana féin trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil an Gharda Síochána a bheidh ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais | An méid úsáide atá á baint as próisis pháipéarbhunaithe a laghdú agus tacú le tionscnaimh Chomhshaoil níos glaise. Níos mó úsáide a bhaint as an mbonneagar TFC - an méid dramhpháipéir a laghdú. |

## 5. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Úsáid Feabhsaithe TFC | |
| Imscrúduithe Feabhsaithe le Tacaíocht ó Acmhainní Speisialaithe | |
| Iarratais le Déanamh chun Feithiclí Leictreacha a Fháil | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| An Fhianaise is Fearr a Bhailiú | |
| Acmhainní agus Seirbhísí Tacaíochta Speisialaithe a Úsáid | |
| Níos Mó Úsáide a Bhaint as Patróil Rothair agus Choise | |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann tábhacht le feidhmiú mar eagraíocht atá dírithe ar dhaoine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E1.1 Cur lenár gcumas tacaíochtaí oiriúnacha Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, chun cur ar chumas ár bpearsanra a ról a chur i gcrích go héifeachtach | Tacú le Bainistíocht Feidhmíochta (PALF); forbairt ghairmiúil leanúnach áitiúil (CPD) agus rannpháirtíocht sa Chóras Bainistíochta Foghlama (LMS) agus cúrsaí oiliúna a bhfreastalaíonn daoine orthu go pearsanta mar aon le neamhbhreoiteacht de bharr tinnis a bhainistiú. Cumas Ríomhfhoghlama feabhsaithe don phearsanra. An bonneagar agus na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do phearsanra, chun cur ar a gcumas seirbhís phóilíneachta ar ardchaighdeán a sholáthar. |
| E1.2 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ailínithe le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Tacú le Meabhairshláinte agus Folláine trí rannpháirtíocht i dtionscnaimh Náisiúnta agus áitiúla. Béim feabhsaithe á leagan ar fholláine gach pearsanra de chuid an Gharda Síochána agus baill foirne a spreagadh agus a chumasú chun na tacaíochtaí leasa agus an tseirbhís chomhairleoireachta a rochtain. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Páirt a ghlacadh in agus tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha chun leanúint ar aghaidh lenár n-eolas, seirbhís agus éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun ár gcuir chuige ildisciplíneacha a fheabhsú | Rannpháirtíocht agus comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla. Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha agus sainaithint tosaíochtaí póilíneachta áitiúla bunaithe ar fheasacht a bheidh mar bhonn le muinín an phobail a fheabhsú. |
| E2.2 Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna comhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha | Socruithe comhoibre atá bunaithe cheana féin le hInstitiúidí Tríú Leibhéal a fheabhsú trí leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh i dtacú le deiseanna oideachais do dhaoine atá ag obair ag gach céim agus grád. Foireann oibre a bhfuiltear ag tacú leo agus atá oilte, atá toilteanach feabhsuithe a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as nuálaíocht. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhéthreo a fhorbairt trí chainéil nua agus cainéil atá bunaithe cheana féin.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht dhéthreo le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla a neartú, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint. | Deiseanna curtha ar fáil chun aiseolas a roinnt. Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach feabhsaithe mar bhonn le tuiscint níos fearr ar riachtanais ár bpearsanra agus pobail. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dó | Léargas a thabhairt ar an luach atá lenár bpearsanra dar linn. Aiseolas inmheánach agus seachtrach a lorg agus gníomhú sa chás go bhfuil gá le hathrú. |

## Cumasóir 4: Cumhachtú & Iontaoibh

Tacú le cultúr de chumhachtú agus iontaoibh, atá fréamhaithe in ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Tacú le hiompar gairmiúil agus a leithéid a neartú i measc phearsanra an Gharda Síochána, agus cultúr de chumhachtú agus d'iontaoibh a chothú. | Níos mó béime ar Fheidhmíocht & Caighdeáin ag gach leibhéal i Roinn na Gaillimhe. Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag léiriú na luachanna atá leabaithe i gCód Eitice an Gharda Síochána chun seirbhís ghairmiúil a chur ar fáil le dínit. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagrúcháin an Gharda Síochána a Rolladh Amach | Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an tSamhail Oibriúcháin agus leis na buntáistí a bhaineann léi. Roinn atá ag feidhmiú go héifeachtach a bhfuil próisis chaighdeánaithe bunaithe aici i ngach Réimse Feidhme agus Rannóg ionas gur féidir an tseirbhís phóilíneachta is fearr agus is féidir a sholáthar. |

# Cumasóir 5: Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís atá bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt, úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht chun tacú le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a fhorbairt | Tacú le tionscnaimh cosúil leis an gCóras Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) agus an tionscnamh píolótach dar teideal 'Torthaí Teagmhais' a rolladh amach. Ríomhairiú rathúil párolla trí RDMS a chur i bhfeidhm. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a bheidh bailíochtaithe ag athbhreithniú seachtrach | Cáilíocht sonraí ar PULSE a áireamh i gcigireacht agus athbhreithniú rialta agus é mar aidhm léargais a fheabhsú chun cabhrú le póilíneacht atá bunaithe ar fhaisnéis. Cáilíocht sonraí agus próiseáil feabhsaithe i Réimsí Feidhme Roinn na Gaillimhe. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| An Cineál Tacaíochta | Ainm | Suíomh Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht d'Íospartaigh | AdVIC (Tacadóirí d'Íospartaigh Dúnbhásaithe) | www.advic.ie | info@advic.ie | 086 1272156 |
| | Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann | www.rcni.ie | | 1800 778 888 |
| | Oifig Íospartaigh na Coireachta | www.victimsofcrimeoffice.ie | | 116 006 |
| | 'One in Four' | www.oneinfour.ie | | 01 6624070 |
| | Tacaíocht i nDiaidh Dúnbhásaithe | www.supportafterhomicide.ie | support@supportafterhomicide.ie | 087 9837322 |
| | Seirbhís Cúnaimh do Thurasóirí in Éirinn | www.itas.ie | info@itas.ie | 1890 365 700 |
| Teaghlach | Líne Chabhrach Náisiúnta Chúnamh do Mhná | www.womensaid.ie | | 1800 341 900 |
| | Cúnamh d'Fhir na hÉireann (AMEN) | www.mensaid.ie | hello@mensaid.ie | 01-5543811 |
| | Tacaíocht do Thuismitheoirí | | parentingsupport@ispcc.ie | 01-5224300 |
| | Líne Chabhrach chun Déileáil le Strus Feirme agus Tuaithe | | | 1800 772 645 |
| Andúil | Alcólaigh gan Ainm | www.alcoholanonymous.ie | | 01 8420700 |
| | Líne Chabhrach Drugaí | | helpline@hse.ie | 1800 459 459 |
| Leanaí | Barnardos | www.barnardos.ie | resources@barnardos.ie | 1850 222 300 |
| | CARI | www.cari.ie | hello@cari.ie | 1890 924 567 |
| | Líne Chabhrach na Leanaí | www.childline.ie | | 1800 666 666 |
| | ISPCC | www.ispcc.ie | info@ispcc.ie | 091-532422 |
| Daoine ar Iarraidh | Seirbhísí Tacaíochta Daoine ar Iarraidh in Éirinn | www.missing.ie | office@nmph.ie | 1890 442 552 |
| Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean | Seirbhís Atreorúcháin do Dhaoine gan Dídean | | | 1800 788 887 |
| LGBTQ+ | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach (LADT) | www.lgbt.ie | | 1890 929 539 |
| Seirbhísí do Sheanóirí | Líne Chabhrach do Sheanóirí | www.thirdageireland.ie | | 1850 440 444 |
| Seirbhísí i nGaillimh | Tearmann Foréigin Teaghlaigh Cope na Gaillimhe | www.copegalway.ie | waterside@copegalway.ie | 091 565985 |
| | Ionad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe | www.galwayrcc.org | | 1800 355 355 |
| | Ionad d'Oibrithe Deonacha na Gaillimhe | www.volunteergalway.ie | info@volunteergalway.ie | 091 581727 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | ***Let's Get Galway Talking*** | www.letsgetgalwaytalking.ie | | 091 765500 |
| | **Freagairt d'Fhoréigean Teaghlaigh** | www.domesticviolenceresponse.ie | | 091 866740 |
| | **Líne Eolais FSS** | www.hse.ie | | 1850 241 850 |
| | **Jigsaw na Gaillimhe** | www.jigsaw.ie | Galway@jigsaw.ie | 091 549252 |
| | **Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach** | Cathair na Gaillimhe<br>Tuaim<br>Baile Locha Riach<br>Béal Átha na Sluaighe<br>Uachtar Ard | | 091 546366<br>093 37200<br>091 872700<br>09096 46200<br>091 552200 |
| | **Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthair** | | | 091 480044 |
| | **Líne Chabhrach um Fhéinmharú Theach Pieta** | www.pieta.ie | | 1800 247 247 |
| | **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** | www.galwaycity.ie | customerservice@galwaycity.ie | 091 536400 |
| | **Comhairle Contae na Gaillimhe** | www.galwaycoco.ie | customerservices@galwaycoco.ie | 091 509000 |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
| | Cruinniú fíorúil |
| | Cruinniú a mbíonn daoine i láthair go pearsanta aige |
| | Teileafón |
| | Ríomhphost |
| | Post |
| | Raidió |
| | Teilifís |
| | Trí na meáin shóisialta |
| | Feachtais sna Meáin |
| | Oiliúint |
| | Trí chórais chorparáideacha |
| | Gardaí i láthair go pearsanta |
| | Gardaí i nGnáthéadaí |
| | CCTV |
| | De shiúl na gcos |
| | Ar rothar |
| | Le Carranna |
| | Ar Ghluaisrothar |
| | Ar bhusanna |
| | Ar thraenacha |

| GAILLIMH<br>Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Ainm** | **Céim** | **Stáisiún** | **Réimse Feidhme** | **Gnó** | **Uimhir Theagmhála** |
| 1 | Gearóid O'Duinn | Sáirsint | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-537800 |
| 2 | Declan Mulligan | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538000 |
| 3 | Clare Burke | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538000 |
| 4 | Cormac McAvock | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538000 |
| 5 | Marcus Flynn | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538000 |
| 6 | Kevin Farrelly | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538000 |
| 7 | Hugh Rodgers | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538000 |
| 8 | Laura Mallen Kelly | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538001 |
| 9 | Sandra Waldron | An Garda Síochána | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh | 091-538000 |
| 10 | Declan Murphy | An Garda Síochána | Baile Locha Riach | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-842870 |
| 11 | Anne-Marie Conroy | An Garda Síochána | Tuaim | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 093-70840 |
| 12 | Vincent Jennings | Sáirsint | Bóthar na Trá | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-514720 |
| 13 | Ronan McNulty | An Garda Síochána | Bóthar na Trá | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-514720 |
| 14 | David Murphy | An Garda Síochána | Bóthar na Trá | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-514720 |
| 15 | Patrick Hastings | Sáirsint | Tuaim | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 093-70840 |
| 16 | Donal Hallinan | An Garda Síochána | Tuaim | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 093-70840 |
| 17 | Ann Fordham | An Garda Síochána | An Gort | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-636400 |
| 18 | Gerard Naughton | An Garda Síochána | Baile Locha Riach | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-636400 |
| 19 | Cathal Fitzgerald | An Garda Síochána | Baile Locha Riach | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-842870 |
| 20 | Aidan Heneghan | Bleachtaire Garda | Béal Átha na Sluaighe | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 090-9631890 |
| 21 | Fiona Connell | An Garda Síochána | Béal Átha na Sluaighe | Oirthear Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 090-9631890 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 22 | Owen Miller | An Garda Síochána | An Clochán | Iarthar Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 095-22500 |
| 23 | Alan Regan | An Garda Síochána | Leacht Seoirse | Iarthar Chontae na Gaillimhe | Gaillimh | 091-798122 |
| 24 | John Horkan | Bleachtaire Garda | Órán Mór | Gaillimh - Coireacht | Gaillimh | 091-388030 |
| 25 | David Comer | Bleachtaire Garda | Ceanncheathrú Réigiún an Iarthuaiscirt | Gaillimh - Coireacht | Gaillimh | 091-337212 |
| 26 | Laura Deehan | An Garda Síochána | Ceanncheathrú Réigiún an Iarthuaiscirt | Ceanncheathrú Réigiún an Iarthuaiscirt | Gaillimh | 091-337212 |
| 27 | Gráinne Ní Fhatharta | An Garda Síochána | Ceanncheathrú Réigiún an Iarthuaiscirt | Gaillimh - Coireacht | Gaillimh | 091-337140 |

01-8014663

www.garda.ie

communicationsgalway@garda.ie